C/2026/2058

31.3.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

(C/2026/2058)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar Ali Reza KHANCHI (duine uimh. 7), Cement Investment and Development Company (eintiteas 5(h)), an cuideachta loingseoireachta Good Luck (eintiteas 43), an cuideachta EMKA (eintiteas 46), Uranium Processing Nuclear Fuel Production Company of Iran (FATSA, eintiteas 82), Bank Tejarat (eintiteas 105), North Drilling Company (eintiteas 118) agus Hafiz Darya Shipping Lines (eintiteas 158), ar duine agus eintitis iad a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ([1]) arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/774 ón gComhairle ([2]) agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 267/2012 ón gComhairle ([3]) arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/775 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcás na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 gur cheart feidhm a bheith acu maidir leis an duine agus na heintitis sin.

Cuirtear in iúl don duine agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 26 den Rialachán).

Féadfaidh an duine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 1 Eanáir 2027**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
Belgique/België
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl don duine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.
([2]) IO L, 2026/774, 31.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/774/oj.
([3]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/775, 31.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/775/oj.